Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Feabhra 2021**
**(OR. en)**

**6324/21**

**COHOM 31**
**COPS 61**
**CONUN 14**
**COASI 23**
**MAMA 27**
**COEST 43**
**COAFR 50**
**DEVGEN 29**
**CFSP/PESC 151**
**COVID-19 46**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 22 Feabhra 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le téarnamh iar-COVID-19 atá bunaithe ar chearta an duine |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le téarnamh iar-COVID-19 atá bunaithe ar chearta an duine, a d'fhormheas an Chomhairle ag an 3785[ú] cruinniú dá cuid, a bhí ar siúl an 22 Feabhra 2021.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le téarnamh iar-COVID-19 atá bunaithe ar chearta an duine**

**Comhthéacs**

1. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil cearta uile an duine uilíoch, doroinnte, idirspleách agus idirghaolmhar. Tá sin níos tábhachtaí fós ag tráth géarchéime nuair nach mór dúinn cosaint ar leith a thabhairt do dhaoine atá i staid leochaileach, faoi mhíbhuntáiste agus imeallaithe.

2. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go gcuirtear dúshlán, i ngeall ar staideanna géarchéime, faoi chur chun feidhme chearta an duine agus urraim do luachanna daonlathacha. Mar thoradh ar phaindéim COVID-19 atá ann i láthair na huaire, agus ar na hiarmhairtí socheacnamaíocha a bhaineann léi, tá méadú ag teacht ar an éifeacht dhiúltach atá ar chearta uile an duine, ar an daonlathas, agus ar an smacht reachta, lena n-áirítear ar an spás sibhialta. Cuireann an phaindéim leis na neamh-chomhionannais atá ann cheana agus méadaíonn sí an brú atá ar dhaoine atá i staid leochaileach. Sa chomhthéacs sin, chun sochaithe níos cothroime, níos glaise, níos athléimní agus níos uileghabhálaí a bhaint amach, is den ríthábhacht é infheistiú i gcearta an duine, sa daonlathas agus sa smacht reachta agus spás sibhialta a chumasú. Tráth a bhfuil cearta an duine á sárú i gcónaí, dúshláin thromchúiseacha roimh an daonlathas agus spás na sochaí sibhialta ag laghdú agus srian mór leis in go leor áiteanna ar domhan, lena n-áirítear ag stáit a úsáideann paindéim COVID-19 mar réamhthéacs chun an smacht reachta agus gealltanais idirnáisiúnta a dhí-urramú, srian a chur le cearta an duine agus an spás sibhialta, tacaíonn an tAontas le cur chun feidhme éifeachtach Ghlao Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe ar Ghníomhaíocht maidir le Cearta an Duine, chomh maith lena cheannaireacht i dtaca le cearta an duine a chur ag croílár na freagartha ar COVID-19. Meabhraítear don Chomhairle nach mór d'aon srianta le cearta an duine a bheith i gcomhréir go docht leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe a bheith forordaithe de réir an dlí, a bheith riachtanach, comhréireach, de chineál sealadach agus neamh-idirdhealaitheach.

3. Cuireann an Chomhairle i dtreis go mbeidh cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta i gcónaí i gcroílár fhreagairt an Aontais ar phaindéim COVID-19 agus téarnamh aisti, mar a luaitear sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Plean Gníomhaíochta AE 2020-2024 maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na héifeachtaí fadtéarmacha a d'fhéadfadh a bheith ag an bpaindéim ar theachtadh chearta uile an duine, lena n-áirítear saoirsí bunúsacha, comhionannas agus prionsabal an neamh-idirdhealaithe. Urramófar na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme i ndáil leis an méid sin. Áirítear air sin cur chuige atá freagrúil ó thaobh inscne agus aoise de agus atá íogair ó thaobh míchumais de a áirithiú chomh maith le bearta spriocdhírithe do dhaoine atá i staid leochaileach le linn na paindéime agus sna pleananna téarnaimh.

4. Leis an bhfreagairt uainn, tugann an tAontas gealltanas go n-áiritheofar go seasfar le dínit agus cearta an duine do chách gan idirdhealú d'aon chineál. Níor cheart aon duine a fhágáil ar lár ná neamhaird a thabhairt ar chearta an duine.

**Atógáil níos fearr**

5. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur fearr agus gurb inbhuanaithe a bheidh an téarnamh de thairbhe freagairt shocheacnamaíoch a mbeidh cearta an duine ina croílár. Is oscailt súl í paindéim COVID-19 freisin ar bhagairt níos mó an athraithe aeráide agus an díghrádaithe comhshaoil. Ba cheart Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide agus Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a bheith mar threoir le haghaidh ghníomhaíocht an Aontais, agus ba cheart í a bheith bunaithe ar chearta an duine. Ina theannta sin, ba cheart í a bheith ina chuidiú chun beartais téarnaimh eacnamaíocha atá inbhuanaithe agus aeráid-íogair a áirithiú as géarchéim COVID-19 mar ghné thábhachtach de straitéis fáis inbhuanaithe lena n-áirithítear aistriú atá aeráid-díonach, uileghabhálach agus cóir do chách chuig geilleagar atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

6. Mar thoradh ar iarmhairtí phaindéim COVID-19, géaraíodh ar neamh-chomhionannais shocheacnamaíocha dhomhanda, méadaíodh dífhostaíocht, cuireadh comhtháthú sóisialta i mbaol, agus rinneadh difear díréireach do dhaoine atá i staid leochaileach, faoi mhíbhuntáiste agus imeallaithe, lena n-áirítear iad siúd is mó dá ndéanann an bhochtaineacht difear, daoine sa gheilleagar neamhfhoirmiúil, daoine dífhostaithe, mná agus cailíní, daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta, daoine ar de mhionlaigh iad, bíodh siad de mhionlach náisiúnta, eitneach nó reiligiúnach, daoine LGBTI, imircigh agus dídeanaithe, leanaí agus an óige. Tá an tAontas tar éis gníomhú go tapa trí bhearta faoisimh eacnamaíoch lena dtugtar aghaidh ar iarmhairtí fostaíochta agus sóisialta an tsleabhctha eacnamaíoch. Díreoidh an tAontas freisin ar bheartais uileghabhálacha ionas go maolófar na hiarmhairtí fadtéarmacha, lena n-áirítear trí thacú le daoine óga. Ní mór rochtain a bheith ag cách ar chosaint shóisialta, ar chearta an duine i saol na hoibre agus ar idirghabhálacha eacnamaíocha, agus aird ar leith á tabhairt ar inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas, agus dóibh siúd atá i staid leochaileach. Iarrann an tAontas go n-urramófaí ina n-iomláine cearta an duine agus saoirsí bunúsacha na n-imirceach, na ndídeanaithe agus na ndaoine easáitithe ina dtír féin, agus aird ar leith á tabhairt ar na daoine is leochailí, lena n-áirítear leanaí.

7. Is cúis mhór imní don Chomhairle an tionchar díréireach diúltach atá ag paindéim COVID-19 ar chearta an duine a bheith á dteachtadh ag mná agus cailíní agus ar an gcomhionannas inscne ar fud an domhain. Ós rud é gur mná iad thart ar 70 % den lucht saothair domhanda sna hearnálacha cúraim sláinte agus sna hearnálacha sóisialta, bhí siad ar thús cadhnaíochta sa fhreagairt ar an bpaindéim agus rinne caillteanais post agus ioncaim, dúshaothrú saothair, dúnadh scoileanna, méadú ar obair chúraim gan íocaíocht difear díréireach dóibh. Bhí siad thíos leis freisin de dheasca foréigean teaghlaigh méadaithe agus rochtain bhriste ar sheirbhísí cúraim sláinte gnéis agus atáirgthe. Cuirfidh an tAontas dlús lena iarrachtaí téarnamh atá bunaithe ar chearta an duine agus freagrúil ó thaobh inscne de a áirithiú, agus beann ar leith aige ar an ngá atá lena áirithiú go mbeidh cearta an duine á dteachtadh ina n-iomláine ag mná agus cailíní. Troidfidh an tAontas a thuilleadh ar son deireadh a chur le gach cineál foréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe, ar líne agus as líne araon, agus stiúrfaidh sé an Chomhghuaillíocht um Ghníomhaíocht maidir le Foréigean Inscnebhunaithe d'Fhóram Comhionannais na Glúine.

8. Thairis sin, tá imní ar an gComhairle faoin tionchar diúltach atá ag paindéim COVID-19 ar chearta an linbh ar fud an domhain, go háirithe cearta na leanaí atá ag maireachtáil cheana féin i staid leochaileach nó faoi mhíbhuntáiste, chomh maith leo siúd dá ndéanann coinbhleachtaí armtha difear. Méadóidh an tAontas Eorpach a iarrachtaí oibriú le comhpháirtithe agus leanaí a chur i lár na n-iarrachtaí téarnaimh agus lena áirithiú go n-urramófar go hiomlán a gcearta agus go gcosnófar iad ar gach cineál bochtaineachta, foréigin, dúshaothraithe, faillí agus mí-úsáide.

9. Meabhraítear don Chomhairle na Conclúidí ón gComhairle maidir le Cearta an Duine agus Obair Chuibhiúil i Slabhraí Soláthair Domhanda agus a gealltanas Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine a chur chun feidhme chun cearta an duine, agus dlí agus caighdeáin saothair a urramú agus a chosaint ar dhrochthionchair a bhíonn ag gnólachtaí, lena n-áirítear a áirithiú go mbeidh rochtain ag na daoine dá ndéanann gníomhaíochtaí gnó difear ar leigheas éifeachtach.

10. Tá imní ar an gComhairle faoin tionchar diúltach atá ag paindéim COVID-19 ar chearta daoine faoi mhíchumas, ar 15 % de dhaonra an domhain é. Cuirfidh an tAontas dlús lena chuid oibre le comhpháirtithe chun a áirithiú go mbeidh cearta an duine á dteachtadh ina n-iomláine ag daoine faoi mhíchumas, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar ina n-iomláine a gcuid riachtanas le linn an phróisis téarnaimh.

11. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an ceart atá ag gach duine chun an caighdeán is airde sláinte coirp agus meabhairshláinte is féidir a bhaint amach. Is den riachtanas a mheas gur leas poiblí domhanda é imdhíonadh i gcoinne COVID-19 agus rochtain dhomhanda atá tráthúil, cóir agus cothrom a áirithiú ar vacsaíní, teiripic agus diagnóisic atá sábháilte, inacmhainne agus éifeachtach.

12. Tá an tAontas fós tiomanta cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt (ICPD) a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán, mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithniúcháin, agus sa chomhthéacs sin, leanann an tAontas de bheith tiomanta do shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR). Agus beann aige ar an méid sin, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine smacht iomlán a bheith acu, agus cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach, ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte gnéis agus atáirgthe, saor ón idirdhealú, ón gcomhéigean agus ón bhforéigean. Is mian leis an Aontas a chur i bhfios an athuair go dteastaíonn rochtain uilíoch ar fhaisnéis ardchaighdeáin, inacmhainne, chuimsitheach, i leith na sláinte gnéis agus atáirgthe, agus i leith an oideachais, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéis, agus seirbhísí cúraim sláinte.

13. Is príomhthosaíochtaí iad ról ceannasach comhordaithe na hEagraíochta Domhanda Sláinte i réimse na sláinte domhanda a threisiú, córais sláinte a neartú agus clúdach sláinte uilíoch a bhaint amach, ullmhacht agus acmhainneacht freagartha níos fearr a chumasú ar leibhéil dhomhanda, réigiúnacha agus náisiúnta i leith paindéimí, agus na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta á gcur i bhfeidhm, rochtain ar uisce, sláinteachas agus sláintíocht a áirithiú, agus cineálacha cur chuige chuimsitheacha, uileghabhálacha agus neamh-idirdhealaitheacha i leith réimse na sláinte poiblí a chur chun cinn.

14. Tá ról na sochaí sibhialta agus cosantóirí chearta an duine, ar líne agus as líne araon, lena n-áirítear cosantóirí ban ar chearta an duine, níos tábhachtaí ná riamh chun cuidiú linn téarnamh níos fearr agus níos tapúla i ndiaidh phaindéim COVID-19. Aithníonn an tAontas go mbeidh ról tábhachtach i gcónaí aige chun an dlúthpháirtíocht a spreagadh, chun tacú leo siúd is mó atá i ngátar, chun cearta an duine, saoirsí bunúsacha agus spás daonlathach a chosaint, agus chun cuntasacht as sáruithe agus mí-úsáidí ar chearta an duine a chur chun cinn. Tá méadú mór tagtha ar na hionsaithe a dhéantar ar chosantóirí chearta an duine i roinnt tíortha le linn COVID-19. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí timpeallacht chumasúcháin a áirithiú a chuirfidh ar chumas cosantóirí uile chearta an duine a gcuid oibre ríthábhachtach a dhéanamh gan bhac agus go sábháilte.

15. Léirigh paindéim COVID-19 an ról ríthábhachtach atá ag meáin shaora iolraíocha neamhspleácha mar chuid riachtanach de shochaí dhaonlathach, meáin a chuireann eolas iontaofa fíricbhunaithe ar fáil do shaoránaigh, rud a rannchuidíonn le beatha daoine a shábháil. I ndáil leis sin, is den ríthábhacht sábháilteacht iriseoirí a chur chun cinn. Is féidir le bréagaisnéis, ar líne nó as líne, beatha daoine a chur i mbaol. Tá sé ríthábhachtach bréagaisnéis a chomhrac go diongbháilte trí chumarsáid thrédhearcach thráthúil fhíricbhunaithe a dhéanamh, lena n-áirítear le linn chéim an téarnaimh, agus leis sin, treiseofar athléimneacht sochaithe. Is príomhbhearta fadtéarmacha i gcoinne bréagaisnéise agus a hiarmhairtí iad saoirse chun tuairimí a nochtadh a chosaint agus litearthacht meán agus faisnéise a chur chun cinn.

16. Mar gheall ar phaindéim COVID-19, tá dlús curtha le digiteáil ár sochaithe agus ní mór do chuid mhór againn oibriú, foghlaim agus bualadh le chéile go cianda. Is cuid bhunriachtanach de fhreagairt an Aontais ar an gcoróinvíreas iad réitigh dhigiteacha inrochtana. Tá sé ríthábhachtach cumais dhigiteacha na gcóras cúraim sláinte a threisiú, réitigh ríomhoideachais agus cianfhoghlama digiteacha a chur chun feidhme, chun athléimneacht na sochaithe dá ndearnadh difear a neartú, mar aon leis an ngá atá leis na deighiltí digiteacha a dhúnadh. Teicneolaíochtaí digiteacha a bhfuil sé d'acmhainn acu cuidiú chun srian a choinneáil ar an bpaindéim, ní mór iad a bheith uileghabhálach agus deartha, forbartha agus á n-úsáid agus lánurraim á tabhairt do chearta an duine, lena n-áirítear an ceart chun príobháideachais. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil feidhm chomhionann ag cearta an duine ar líne agus as líne agus an fheidhm sin beag beann ar an teicneolaíocht a úsáidtear.

**Oibriú le chéile**

17. Meabhraítear don Chomhairle Conclúidí ón gComhairle an 8 Meitheamh 2020 maidir le Freagairt Dhomhanda Fhoireann na hEorpa ar COVID-19 ina dtagraítear *inter alia* do Theachtaireacht Chomhpháirteach an 8 Aibreán 2020 maidir leis an bhfreagairt dhomhanda ar COVID-19, agus cuirtear i dtreis iontu go leanfaidh an tAontas de dhea-rialachas, cearta an duine, an smacht reachta, comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú, dálaí oibre cuibhiúla a chur chun cinn agus seasamh leo, mar aon le bunluachanna agus prionsabail dhaonnúla.

18. Cuireann an Chomhairle chun suntais go rannchuidíonn cur chuige Fhoireann na hEorpa le ceannaireacht dhomhanda, freagracht agus dlúthpháirtíocht an Aontais a léiriú. Admhaíonn an Chomhairle an rannchuidiú tábhachtach a thug gach comhalta d'Fhoireann na hEorpa mar chuid de fhreagairt dhomhanda an Aontais ar COVID-19.

19. Tá léirithe ag an bpaindéim reatha a ríthábhachtaí is atá an dlúthpháirtíocht dhomhanda agus institiúidí iltaobhacha don tsláinte, don rathúnas agus don tslándáil ar fud an domhain. Tá tábhacht ar leith freisin ag baint le bearta a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta. Tacaíonn an tAontas Eorpach leis an ról tábhachtach atá ag córas na Náisiún Aontaithe sa fhreagairt dhomhanda ar an bpaindéim a shlógadh agus a chomhordú agus cearta an duine ar thús cadhnaíochta. Ní mór dúinn na ceachtanna a fhoghlaim le chéile chun an domhan a dhéanamh níos athléimní sa todhchaí. Agus tacaíocht á tabhairt d'iarraidh Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe "Atógáil Níos Fearr", oibreoimid le chéile chun an bealach a réiteach do théarnamh a chruthóidh sochaithe inbhuanaithe comhionanna uileghabhálacha agus chun atógáil ar dhóigh níos fearr agus níos glaise.

20. Coinneoidh an Chomhairle an t-ábhar seo faoi bhreithniú agus leanfaidh sí de threoir straitéiseach a chur ar fáil.